



Deontas do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí do thithe i Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta

Foirm Éilimh Íocaíochta DWWTS PAA (b) 2025

Comhairle Chontae na Mí

Teach Buvinda

Bóthar Átha Cliath

An Uaimh

Chontae na Mí

C15 Y291

046-9097000

FOIRM ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHT DEONTAIS

Oibreacha chun an Córas Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTS) a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar i Limistéar Gníomhaíochta Tosaíochta, sa chás go bhfuil duine ceadaithe ag údarás áitiúil le haghaidh deontais.

- Léigh na nótaí faisnéise sula gcomhlánóidh tú an fhoirm éilimh.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána, nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leo.
- Tá an scéim deontais á riar ag údaráis áitiúla. Ba cheart aon fhiosrúcháin a sheoladh chuig an Oifigeach Idirchaidrimh Uisce Tuaithe san údarás áitiúil.
- Ní mór NACH bhfuil tús curtha leis an obair roimh chuairt tosaigh an údaráis áitiúil nó a ionadaí. Má cuireadh tús le hobair roimh an dáta sin, ní chuirfear an t-éileamh san áireamh.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chuirfidh cúnamh ar fáil chun iad a chomhlánú, más gá.
- Maidir le hiarratasóir a fhaigheann deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna ó Roinn Rialtais nó Údarás Poiblí de níos mó ná €10,000 acu i rith na bliana, beidh Deimhniú Imréitigh Cánach ríomhchánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart aon fhiosruithe is gá a dhéanamh chun faisnéis a fhíorú nó chun doiciméid tacaíochta a chuirtear ar fáil le hiarratas ar dheontas a shoiléiriú. Ní dhéanfar iarratas ina bhfuil faisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó doiciméid bhréagacha nó mhíthreoracha a cheadú le haghaidh deontais.

1. Sonraí an Iarratasóra	
Ainm an iarratasóra (i mBLOCLITREACHA):	
Seoladh (suíomh na DWWTS):	
ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir theileafóin:	
Seoladh ríomhphoist:	
Asphrionta imréiteach ríomhchánach	Tá ☐ Níl ☐

2. Cur síos ginearálta agus costas na n-oibreacha a rinneadh duine inniúil, mar atá sonraithe ag duine inniúil (ní mór admhálacha ítimithe a chur ar fáil nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích)

3. Ní mór sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí (asphrionta de Dheimhniú Ríomh-Imréitigh Cánach le haghaidh gach conraitheora a sholáthar murab ionann é agus an conraitheoir atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais.

Conraitheoir 1	Conraitheoir 2 (más infheidhme)
Ainm an chonraitheora:	Ainm an chonraitheora:
Seoladh an chonraitheora:	Seoladh an chonraitheora:
ÉIRCHÓD:	ÉIRCHÓD:

4. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm éilimh ar íocaíocht deontais ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-éileamh seo a chealú mar thoradh ar aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí.

Síniú an éilitheora: _____

Dáta: _____